An Coimisiún Eorpach

# AN TSEACHTAIN EORPACH UM SCILEANNA GAIRME

**2019** Foireann Uirlisí Caidreamh leis na Meáin

#DiscoverYourTalent

Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

# Eolas faoin bhfoireann uirlisí caidreamh leis na meáin

Más spéis leat a bheith páirteach i Seachtain Eorpach um Scileanna Gairme 2019, agus más mian leat na himeachtaí agus gníomhaíochtaí atá eagraithe agat a chur chun cinn, bainfidh tú tairbhe as an bhfoireann uirlisí seo. Tá eolas le fáil san fhoireann uirlisí maidir leis na cainéil mheáin éagsúla is féidir leat a úsáid chun aird a tharraingt ar an tSeachtain agus ar na buntáistí a bhaineann leis an ngairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) ar fud na hEorpa.

Pléitear an méid seo a leanas san fhoireann uirlisí:

- Noda agus comhairle maidir le conas teagmháil a dhéanamh leis na meáin agus aird a tharraingt ar do scéal féin.
- Treoir maidir le conas preaseisiúint a ullmhú agus teimpléad ar féidir leat é a oiriúnú agus a sheoladh.
- Foinsí fíricí agus figiúirí.
- Noda maidir le hagallaimh a dhéanamh leis na meáin.

# Cén fáth ar cheart duit insint do na meáin faoi mbaint atá agat leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme?

D'éirigh thar barr leis na chéad trí Seachtaine Eorpacha um Scileanna Gairme, agus tá an Coimisiún Eorpach chun an ceathrú Seachtain a eagrú chun leanúint le feasacht maidir le VET a mhúscailt. Reáchtálfar an tSeachtain oifigiúil ón 14-18 Deireadh Fómhair 2019 agus eagrófar na céadta imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le VET ar fud na hEorpa i rith na bliana. Is in Heilsincí a reáchtálfar an t-imeacht Eorpach seo.

Tugann an tSeachtain agus an feachtas comhfhreagrach cumarsáide soláthraithe oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, údaráis phoiblí, eagraíochtaí gnó agus an pobal le chéile chun próifíl VET a ardú ar fud na hEorpa. Is é atá mar aidhm leis an tSeachtain léargas a thabhairt ar na deiseanna ar fad is féidir le VET a chruthú do dhaoine óga agus d'aosaigh, agus ar an luach a chruthaíonn VET don gheilleagar agus d'fhostaíocht agus do scileanna sa todhchaí. Is é téama na bliana seo 'VET do CHÁCH – Scileanna don Saol', rud a chiallaíonn go mbeidh béim ar leith á leagan ar ghnéithe iontacha, uilechuimsitheacha agus fad saoil VET.

Féadfaidh tú úsáid a bhaint as na meáin chun d'imeacht/do ghníomhaíocht a chur chun cinn agus an bhaint atá ag d'imeacht/ do ghníomhaíocht leis an tSeachtain a léiriú. Cabhróidh sé seo lena chinntiú go mbeidh a fhios ag níos mó daoine go mbeidh d'imeacht/do ghníomhaíocht ar siúl agus spreagfaidh sé iad chun páirt a ghlacadh. Is féidir úsáid a bhaint as na meáin freisin chun próifíl d'eagraíochta féin a ardú i líonraí atá bunaithe cheana féin, agus chun an scéal maidir le d'imeacht agus maidir leis an tSeachtain a scaipeadh i bhfad agus i gcéin. Cabhróidh sé seo chun feasacht a mhúscailt agus an dearcadh atá ag daoine ar VET i do thír féin a athrú.

Áirítear i measc na gcineálacha meáin a bhféadfadh spéis a bheith acu sa tSeachtain:

### Nuachtáin áitiúla, suíomhanna gréasáin agus blaganna

Is féidir teagmháil a dhéanamh le nuachtáin áitiúla, suíomhanna gréasáin agus blaganna díreach roimh d'imeacht nó do ghníomhaíocht chun daoine a spreagadh chun freastal ar an imeacht nó gníomhaíocht. Cur chuige maith is ea preaseisiúint a sheoladh thart ar choicís roimh an t-imeacht, agus meabhrúchán a sheoladh cúpla lá roimh an t-imeacht chomh maith. Is féidir leat glaoch a chur ar aon ionad meáin de do rogha, chun cabhrú leat aird a tharraingt ar d'imeacht/do ghníomhaíocht. B'fhéidir go gcinnfidh an foilseachán nó cainéal scéal réamh-imeachta a scríobh nó b'fhéidir gurbh fhearr leo freastal ar an imeacht ar an lá agus scéal a scríobh bunaithe ar a dtaithí.

### Liostálacha imeachtaí

Is bealach iontach iad liostálacha imeachtaí chun daoine a spreagadh le freastal ar d'imeacht, mar go mbíonn spéis go minic ag daoine eolas a fháil faoi imeachtaí atá ag tarlú ina gceantar áitiúil. Tá a gcuid riachtanas féin ag baint le gach liostáil agus, dá réir sin, beidh sé riachtanach roinnt taighde a dhéanamh maidir le conas is fearr eolas faoi d'imeacht a chur ar fáil.

### Nuachtáin náisiúnta

B'fhéidir go mbeadh spéis ag nuachtáin náisiúnta sa tSeachtain agus sna himeachtaí agus sna gníomhaíochtaí ar fad atá á reáchtáil. Trí fhíricí agus figiúirí atá dírithe ar spriocphobal meáin ghinearálta, athfhriotail agus deiseanna spéisiúla agallaimh a chur ar fáil, d'fhéadfá spéis na bhfoilseachán seo a mhúscailt.

### Sainfhoilseacháin

B'fhéidir go mbeadh spéis ag sainfhoilseacháin in imeachtaí na Seachtaine chomh maith. D'fhéadfá teagmháil a dhéanamh leo seo a luaithe agus is féidir mar go bhféadfadh a bhféilirí eagarthóireachta a bheith lán píosa fada roimh reáchtáil d'imeachta. Is féidir eolas níos teicniúla a chur ar fáil do na foilseacháin seo agus beidh deis níos fearr agat aird a tharraingt ar d'imeacht má chuireann tú saineolaí nó teistiméireacht spéisiúil ar fáil.

### Raidió agus Teilifís

D'fhéadfadh go mbeadh spéis ag lucht an raidió agus na teilifíse san imeacht atá á reáchtáil agat, go háirithe sna himeachtaí níos bríomhaire agus níos neamhghnáiche atá ar siúl a mbeidh deiseanna maithe scannánaíochta agus taifeadta ag baint leo.

# Caidreamh leis na meáin

Seo thíos seicliosta simplí ar féidir leat é a leanúint lena chinntiú go dtarraingeofar aird ar an imeacht atá á reáchtáil agat agus ar an tSeachtain. Tá noda agus comhairle níos mionsonraithe le fáil ina dhiaidh.

**Seicliosta caidreamh leis na meáin**

- ✔ Déan cinneadh maidir leis na meáin ar mhaith leat dul i dteagmháil leo.
- ✔ Cuir an teimpléad preaseisiúna in oiriúint trí eolas faoi d'imeacht féin a chur san áireamh.
- ✔ Cuir scéalta agus eolas spéisiúil agus ábhartha faoi do thír/réigiún ar fáil.
- ✔ Roinn grianghraif, físeáin, athfhriotail, físghrafaicí, etc. ar féidir iad a fhoilsiú.
- ✔ Smaoinigh ar dhuine éigin a d'fhéadfá a chur faoi agallamh.
- ✔ Seol an phreaseisiúint agus grianghraif chuig do liosta teagmhálaithe meáin tríd an ríomhphost.
- ✔ Ina dhiaidh sin, cuir glao teileafóin ar na teagmhálaithe meáin is tábhachtaí.
- ✔ Cuir d'ainm agus do shonraí teagmhála ar fáil ionas go mbeidh daoine in ann teagmháil a dhéanamh leat chun ceisteanna a fhreagairt.
- ✔ Bí ansin chun fáilte a chur roimh iriseoirí ar an lá agus chun iad a chur in aithne do dhaoine spéisiúla.

## Na meáin ar cheart teagmháil a dhéanamh leo a aithint

Is é an chéad chéim eile na meáin a dhíríonn ar imeachtaí atá á reáchtáil i do cheantar áitiúil nó réigiúnach a aithint. Ansin féadfaidh tú sonraí teagmhála na n-iriseoirí a chlúdaíonn imeachtaí áitiúla, saincheisteanna fostaíochta agus oideachais, beartas sóisialta nó gnóthaí Eorpacha a aimsiú trí bhreathnú ar a suíomh gréasáin nó glaoch ar a n-oifigí meáin. Féadfaidh tú eolas a fháil freisin maidir le conas d'imeacht a áireamh i liostálacha imeachtaí.

**Nod:** Is é liosta teagmhálaithe maith an chéad chéim chomh fada is a bhaineann le haird na meán a tharraingt ar d'imeacht.
Trí d'imeacht a áireamh i liostálacha imeachtaí tarraingeofar níos mó airde ar d'imeacht freisin.

## Preaseisiúint a ullmhú

Is é an bealach is fearr chun eolas a sholáthar do na meáin preaseisiúint a sheoladh. Is féidir leat úsáid a bhaint as teimpléad preaseisiúna na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme atá ar fáil ar an suíomh gréasáin, mar thúsphointe. Roghnaigh teimpléad i do rogha teanga agus ansin líon isteach an t-eolas faoi d'imeacht/do ghníomhaíocht agus aon eolas a bhaineann leis an réigiún a shíleann tú atá spéisiúil agus ábhartha.

Is fearr le formhór na n-eagraíochtaí meáin preaseisiúintí a fháil i gcorpthéacs ríomhphoist, seachas mar cheangaltán, dá réir sin, ba cheart duit an phreaseisiúint a chóipeáil agus a ghreamú i ríomhphost sula seolann tú é.

**Noda:**

- Luaigh an t-eolas is tábhachtaí ar dtús. Déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt i gcónaí - céard, cé, cathain, cá háit agus cén fáth.
- Úsáid abairtí gearra agus teanga dhinimiciúil.
- Seachain béarlagair agus teanga atá ró-speisialaithe, agus mínigh giorrúcháin.
- Ná dearmad athfhriotail agus figiúirí a chur san áireamh.
- Seol grianghraf ar féidir leis na hiriseoirí é a úsáid (ná húsáid ach grianghraif ar féidir leo iad a fhoilsiú gan cóipchearta a shárú nó cearta sonraí pearsanta)
- Cuir do shonraí teagmhála san áireamh ionas gur féidir leat ceisteanna a fhreagairt.

## Do phreaseisiúint a thabhairt chun beochta

Is é an aidhm atá le do phreaseisiúint eolas ábhartha agus scéal ar fiú trácht air a chur ar fáil d'iriseoirí, i dteannta le haon ábhar breise ar féidir leo é a fhoilsiú, cosúil le grianghraif, físeán, dea-scéalta, athfhriotail, grafaic faisnéise, fíricí, agus figiúirí.

**Amharcíomhánna fheachtas na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme: Ba cheart iad seo a chur ar gach preaseisiúint lena thaispeáint gur cuid den tSeachtain é d'imeacht.** Tá na hamharcíomhánna seo le fáil ar an suíomh gréasáin.

**Grianghraif an imeachta:** Is féidir grianghraif ó imeachtaí a reáchtáil tú roimhe seo a áireamh i bpreaseisiúintí. Is dea-chleachtas é a chinntiú go bhfuil a fhios ag daoine a fhreastalaíonn ar d'imeachtaí go bhfuil grianghraif á nglacadh agus go dtuigeann siad conas a bhféadfaí na híomhánna a úsáid. Is féidir é seo a dhéanamh trí abairt a chur san áireamh ar chuirí nó ar thicéid. Is féidir leat póstaeir a chrochadh ar an lá freisin chun é seo a chur in iúl. Tá sé tábhachtach a chur san áireamh go mb'fhéidir nach mbeidh daoine ag iarraidh go mbeidh grianghraif á nglacadh díobh féin ná dá leanaí. Maidir le grianghraif de dhaoine aonair, beidh orthu foirm cheada a shíniú, dá réir sin, b'fhéidir gurbh fhearr díriú ar ghrianghraif de ghrúpaí daoine ionas nach féidir daoine aonair a aithint.

**Grianghraif don fhearann poiblí:** Má tá íomhánna á bhfáil ón idirlíon agat, ná déan dearmad ar na ceanglais chóipchirt a d'fhéadfadh a bheith i gceist. D'fhonn a chinntiú nach mbeidh aon deacrachtaí agat, is féidir leat íomhánna ón bhfearann poiblí a roghnú ó shuíomhanna cosúil le Pixabay agus Unsplash mar gur furasta a srianta ceadúnais a thuiscint.

**Físeáin:**Cuir nasc le físeáin na Seachtaine san áireamh, ar féidir iad a fháil ar an suíomh gréasáin, agus tá fotheidil i dteangacha uile an AE ar cuid acu. Is bealach iontach iad físeáin chun spéis daoine a mhúscailt agus is féidir le cainéil teilifíse agus leaganacha ar líne d'fhoilseacháin áitiúla agus náisiúnta iad a úsáid.

**Scéalta spreagúla:** Roghnaigh scéalta ón leabharlann Roinn Do Scéal agus cuir ábhar ó shuíomh gréasáin na Seachtaine in oiriúint chun tábhacht VET, na seachtaine agus d'imeachta a léiriú.

**Athfhriotail:** Is smaoineamh maith é athfhriotal a áireamh i do phreaseisiúint. D'fhéadfá athfhriotal ó chainteoirí ag d'imeacht, ó shaineolaithe ó d'eagraíocht, nó ó theistiméireachtaí ó fhoghlaimeoirí a úsáid.

**Fíricí agus figiúirí maidir le VET:** Is féidir fíricí agus figiúirí réigiúnacha, tírshonracha nó AE a úsáid.


## Fíricí agus figiúirí a aimsiú

D'fhéadfadh go mbeadh teacht ag d'eagraíocht ar fhíricí agus ar fhigiúirí spéisiúla agus ábhartha. De rogha air sin, seo thíos roinnt foinsí Eorpacha, fíricí agus figiúirí tírshonracha a d'fhéadfadh a bheith úsáideach. Ná dearmad tagairt a dhéanamh don fhoinse i gcónaí:


- Monatóir oideachais agus oiliúna 2018: tuarascálacha tíre, bileoga eolais agus grafaic faisnéise (DG EAC).
- tuarascálacha tíre VET-san-Eoraip (Cedefop).
- Próifílí Domhanda TVET – Bunachar Tíre (An tIonad Idirnáisiúnta don Oideachas agus Oiliúint Theicniúil agus Ghairme (UNEVOC) agus UNESCO).
- Bunachar sonraí oideachais UOE (UNESCO, OECD agus Eurostat).
- Staidreamh gairmoideachais agus gairmoiliúna (Eurostat).
- Staidreamh Foghlaim Aosaigh (Eurostat).

Lena chois sin, féadfaidh tú na gníomhaireachtaí náisiúnta VET agus an aireacht/roinn oideachais nó saothair i do thír féin a sheiceáil, mar gur dócha go mbeidh tuarascálacha náisiúnta maidir le VET acu.


Is féidir staidreamh a bhaineann le leibhéal an AE a úsáid chun comparáid spéisiúil a dhéanamh agus tá neart sonraí den sórt sin ag Eurostat:





**Tá 48%** de mhic léinn méanoideachas deiridh céime san Eoraip ag glacadh páirte in VET méanoideachas deiridh céime (2017).





Tá ráta fostaíochta céimithe le déanaí VET san Eoraip méadaithe go dtí **77.5% (2018)** i gcomparáid le **74.8% (2017)**.




Tá céatadán na n-aosach ísealcháilithe san Eoraip cothrom le **21.9% (2018)**, laghdaithe ó **22.5% (2017)**.




**Sholáthair 72.2%** de chuideachtaí san AE gairmoiliúint leanúnach dá bhfostaithe (2015).




**Tá 11.1%** de dhaonra na hEorpa idir aois 25 agus 64 páirteach i bhfoghlaim aosaigh (2018), méadaithe ó **10.9%** (2017).

## An phreaseisiúint a sheoladh

Le haghaidh na **meán áitiúil** agus na **nuachtán laethúil**, ba cheart duit an phreaseisiúint a sheoladh thart ar choicís roimh an t-imeacht. Chomh maith leis sin, is smaoineamh maith é meabhrúchán a sheoladh lá nó dhó roimh an t-imeacht.

Chomh fada is a bhaineann le **sainfhoilseacháin** agus le hirisleabhair, ba cheart duit an phreaseisiúint a sheoladh níos túisce mar go bhféadfadh a bhféilirí eagarthóireachta a bheith lán roimh ré.

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú eolas maidir le d'imeacht a chur le **liostálacha imeachtaí** suas le mí roimh ré, ag brath ar an mbealach a bhfuil gach liostáil socraithe suas.

## Caidreamh le hiriseoirí

Trí chaidreamh maith a bhunú le hiriseoirí is féidir leat spéis i d'imeacht a mhúscailt. Féadfaidh tú glaoch orthu agus cuireadh a thabhairt dóibh d'imeacht a chlúdach chomh maith leis an bpreaseisiúint a sheoladh chucu. Cinntigh go gcuireann tú ceist orthu faoi aon riachtanais shonracha atá acu agus go seolann tú meabhrúchán chucu roimh an t-imeacht. Ar lá an imeachta, bíodh duine éigin ainmnithe agat chun fáilte a chur rompu agus lena chinntiú go bhfuil an t-eolas ar fad a theastaíonn uathu acu. D'fhéadfadh gur smaoineamh maith é roinnt cóipeanna den bhileog faoi Sheachtain Eorpach um Scileanna Gairme 2019 a chló agus a thabhairt do dhaoine. Tá an bhileog le fáil ar an suíomh gréasáin.

## Agallaimh mhaithe a dhéanamh

Is féidir agallaimh duine le duine a dhéanamh ag an imeacht, ar an teileafón nó trí ríomhphost. Sa chás gur mian leat iarratas ar agallamh a dhéanamh, seo thíos roinnt nod bunúsach nach mór a chur san áireamh.

**Noda:**

- Cuir roinnt eolais chúlra maidir le d'eagraíocht agus an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme ar fáil don iriseoir. Tá eolas faoin tSeachtain, a cúlra agus téamaí le haghaidh 2019 le fáil ar shuíomh gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme .
- Déan cinneadh roimh ré maidir leis an méid is mian leat a rá. Féadfaidh tú cúpla nóta a bhreacadh síos a chabhróidh leat i rith an agallaimh.
- Dírigh ar na príomhtheachtaireachtaí is mian leat a chur in iúl agus tagair do na príomhphointí ar dtús.
- Bí achomair agus úsáid samplaí agus scéalta pearsanta chun aird a tharraingt ar do scéal.
- Bíodh do shonraí teagmhála ar fáil don tuairisceoir ar fhaitíos gur mian leis roinnt eolais a athsheiceáil.
- B'fhéidir gur mhaith leat an t-agallamh a eagrú le duine éigin eile, cosúil le cainteoir ag d'imeacht nó duine éigin ar féidir leis teistiméireacht a thabhairt. Sa chás sin, déan cinneadh maidir leis an duine is fearr a d'fhéadfaí agallamh a dhéanamh leis. Seiceáil an bhfuil siad toilteanach labhairt leis an bpreas má dhéantar teagmháil leo, agus tabhair eolas dóibh maidir le céard faoi ar cheart dóibh labhairt agus maidir le príomhtheachtaireachtaí na Seachtaine. Eagraigh am atá oiriúnach don iriseoir le labhairt le nó le bualadh leo.

# Uirlisí úsáideacha

- **Teimpléad preaseisiúna na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme:** Ar fáil i ngach teanga AE, agus réidh le cur in oiriúint agus le seoladh.
- **Leabharlann Roinn Do Scéal:** Foinse lán scéalta spéisiúla ar féidir leat úsáid a bhaint aisti. Ná bíodh drogall ort do chuid scéalta féin a chur san áireamh freisin!
- **Amharc-áiseanna feachtais:** Taispeáin gur cuid den tSeachtain iad bhur ngrianghraif agus scéalta.

# Ceisteanna coitianta

**Conas is féidir liom aird na meán a tharraingt ar mo scéal?**

Ná dearmad gur aoibhinn le hiriseoirí fíorscéalta. Tarraingeoidh tú aird ar d'imeacht trí scéalta pearsanta, athfhriotail agus figiúirí a áireamh i do phreaseisiúint.

**An soláthraíonn an Coimisiún Eorpach sonraí teagmhála do na meáin?**

Ní sholáthraíonn. De bhrí go bhfuil an tSeachtain agus an feachtas a bhaineann léi á reáchtáil ar fud Bhallstáit an AE, LEE agus tíortha is iarrthóir, ní féidir é seo a dhéanamh. Soláthraítear san fhoireann uirlisí seo, áfach, comhairle maidir le conas bunachar sonraí meáin maith a chruthú agus noda maidir le conas caidreamh éifeachtach a fhorbairt le hiriseoirí.

**Tá tuilleadh ceisteanna agam – cé leis is féidir liom teagmháil a dhéanamh?**

Is féidir ríomhphost a sheoladh chugainn ag info@vocationalskillsweek.eu nó glaoch orainn ag +44 (0)207 444 4264. Nó, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh linn ar na meáin shóisialta, trí na cuntais thíos.

# Déan teagmháil linn

Táimid sásta cabhrú leat le haon cheist a d'fhéadfadh a bheith agat maidir le do ghníomhaíochtaí caidreamh leis na meáin.

**Ríomhphost:** info@vocationalskillsweek.eu

**Teileafón:** +44 (0)207 444 4264